



LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

LEABHRÁN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ LÉIGH GO CÚRAMACH

Comórtas oscailte le haghaidh ceapadh chuig an bpost seo:

Taighdeoir Dlí

(Conradh Sealadach Lánaimseartha Trí Bliana)

Sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí

Dáta deiridh: 2 Deireadh Fómhair 2023 ag 12pm meán lae

Tá an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí tiomanta do bheartas comhdheise a leanúint.

Reáchtálfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí an feachtas seo de réir an Chóid Chleachtais i gcomhair Ceapacháin chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Foilsíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí cóid chleachtais agus bíonn siad ar fáil ar

www.cpsa.ie

RÍOMHPHOST

recruitment@lawreform.ie

SUÍOMH GRÉASÁIN

www.lawreform.ie

TEILEAFÓN

01 6377609

Taighdeoir Dlí

(Conradh Sealadach Lánaimseartha Trí Bliana)

Faisnéis Chúlra faoin bpost

Comhlacht reachtúil a bunaíodh leis an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975, is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí. Tá cúigear comhaltaí ag an gCoimisiún: an tUachtarán, an Coimisinéir Lánaimseartha, agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha.

Is é an ról atá aige an dlí a choinneáil faoi athbheithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí a dhéanamh le haghaidh athchóiriú an dlí, agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do gach duine.

Ról an Taighdeora Dlí

An Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil

Ag obair dó/di faoi mhaoirseacht Bhainisteoir Tionscadail an Chláir um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, bainfidh an Taighdeoir Dlí leas as ábhair stairiúla, go háirithe an Dublin Gazette agus an London Gazette, chun ionstraimí a shainaithint, chun cinneadh a dhéanamh ar a infheidhmithe atá ionstraimí sainaitheanta in Éirinn, chun measúnú a dhéanamh ar a stádas reatha i ndlí na hÉireann agus chun moladh a dhéanamh maidir lena stádas amach anseo ar leabhar reachtanna na hÉireann. Rachaidh an Taighdeoir Dlí i gcomhairle le ranna rialtais, le húdaráis áitiúla, le comhlachtaí, le heagraíochtaí agus le daoine den phobal freisin.

Déanfaidh iarrthóirí rathúla na nithe seo a leanas:

- leas a bhaint as ábhair stairiúla (go háirithe an Dublin Gazette agus an London Gazette) chun stádas ionstraimí reachtúla agus sainphribhléide ón mbliain 1861 ar aghaidh a shuí,
- cabhrú le hullmhú a dhéanamh ar na liostaí (sceidil) d'ionstraimí a mholtar lena gcúlghairm nó lena gcoinneáil i bhfeidhm i mBille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil,
- cúnadh a thabhairt le linn caidreamh agus comhairliúchán a dhéanamh le geallsealbhóirí,
- seirbhís taighde atá éifeachtúil, cruinn agus ar ardchaighdeán a sholáthar don Choimisiún,
- tabhairt faoi aon dualgais eile a shannfaidh an Coimisiún ó am go chéile.

Taighde ar Athchóiriú an Dlí

Ag obair dó/di faoi mhaoirseacht an Stiúrthóra Taighde agus na Leas-Stiúrthóirí Taighde, déanfaidh an Taighdeoir Dlí taighde agus cabhróidh sé/sí le Páipéir Chomhairliúcháin agus/nó Tuarascálacha a ullmhú lena bhfoilsíú. Aithneofar an Taighdeoir Dlí mar thaighdeoir ar an tionscadal nuair a fhoilseofar Páipéir Chomhairliúcháin nó Tuarascáil.

Áirítear leis na tionscadail reatha:

- *Creat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach*
- *Íospartaigh na Coireachta a Chúiteamh*
- *Dlíteanas Comhlachas Neamhchorpraithe*
- *Comhlachtaí Tugtha Breithiúnas nach Cúirteanna iad agus Achomhairc chun na gCúirteanna a Athchóiriú*
- *Cistiú Dlíthíochta Tríú Páirtí*

Is é atá i gceist le hobair an Choimisiúin agus a Thaighdeoirí Dlí ná comhairliúchán fairsing le daoine agus comhlachtaí ábhartha, lena n-áirítear daoine den phobal, Comhaltaí den Oireachtas, Ranna Rialtais, an lucht dlí agus gairmithe ábhartha eile, an lucht tionscail, comhlachtaí Stáit agus

eagraíochtaí neamhrialtasacha. Cuid bhunriachtanach den phróiseas taighde is ea taighde comparáideach ar dhlíthe dlínsí eile. Coimeádann an Coimisiún acmhainní fairsinge leabharlainne chun na críche sin, lena n-áirítear acmhainní ar líne amhail HeinOnline, LexisNexis agus Westlaw.

Freastalaíonn taighdeoirí ar chruinnithe de chuid an Choimisiúin chun plé a dhéanamh ar a gcuid oibre, lena n-áirítear dréachtpháipéir, agus chun treoir a fháil.

Rannchuideoidh taighdeoirí freisin leis an obair atá ar bun ar Rochtain ar Reachtaíocht, féach thíos. San am i láthair, sanntar an obair sin do thaighdeoirí ar bhonn rothlach lena cur i gcrích thar thréimhsí a mhaireann mí amháin nó níos mó. Is féidir go sannfar taighdeoir amháin don obair sin ar bhonn lánaimseartha freisin.

Rochtain ar Reachtaíocht

Ag obair dó/di faoi mhaoirseacht an Bhainisteora um Rochtain ar Reachtaíocht agus na Leas-Bhainisteoirí um Rochtain ar Reachtaíocht, rannchuideoidh an Taighdeoir le hobair thábhachtach an Choimisiúin ar Rochtain ar Reachtaíocht, rud a tháirgeann an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Athbhreithnithe agus an Liosta Aicmithe den Reachtaíocht atá i bhFeidhm. Maidir leis an Eolaire Reachtaíochta, is é a bheidh i gceist leis sin ná reachtaíocht a léamh go mion agus trácht ar éifeachtaí agus ar ghnéithe eile amhail faisnéis tosach feidhme. Is é a bheidh i gceist leis an obair ar Achtanna Athbhreithnithe ná anailís a dhéanamh ar leasuithe agus ar éifeachtaí reachtacha eile agus iad sin a chur ar áireamh trí chóras ceapadóireachta XML a úsáid. Is é a bheidh i gceist leis an obair ar an Liosta Aicmithe ná úsáid a bhaint as córas TF chun an Liosta a athrú chun dáta agus a choimeád.

Príomhdhualgais

Ag obair dóibh faoi mhaoirseacht an Bhainisteora um Rochtain ar Reachtaíocht agus an Stiúrtóra Taighde, déanfaidh iarrthóirí rathúla na nithe seo a leanas:

- seirbhís taighde dlí atá éifeachtúil, cruinn agus ar ardchaighdeán a sholáthar don Choimisiún,
- dréachtpháipéir, Páipéir Chomhairliúcháin agus Tuarascálacha a ullmhú maidir le hathchóiriú an dlí,
- an tEolaire Reachtaíochta, na hAchtanna Athbhreithnithe, agus an Liosta Rangaithe a choimeád agus a athrú chun dáta,
- freastal ar chomhdhálacha agus cruinnithe agus páirt a ghlacadh iontu,
- ullmhú do sheimineáir agus cruinnithe agus iad a éascú thar ceann an Choimisiúin, agus
- tabhairt faoi aon dualgais eile a shannfaidh an Coimisiún ó am go chéile.

Cáilíochtaí agus Taithí

Ceanglais Bhunriachtanacha

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu an 31 Iúil 2023 nó roimh an dáta sin

- a) céim onóracha 2:1 sa dlí (ag Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) nó cáilíocht aitheanta ghairmiúil ábhartha sa dlí ar a laghad;

agus

- b) taithí inléirithe ar thaighde domhain dlí agus anailís dhomhain dlí a dhéanamh, ar taithí í a gnóthaíodh trí staidéar ábhartha fochéime nó iarchéime a dhéanamh nó trí thaighde domhain dlí agus anailís dhomhain dlí a dhéanamh i gcomhthéacs praiticiúil gairmiúil.

Ina theannta sin, ní mór d'iarthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu agus a bheith in ann iad a léiriú:

- Eolas fairsing leathan ar dhlí na hÉireann agus ar chóras dlí na hÉireann (lena n-áirítear Dlí an Aontais Eorpaigh) agus, sa chás is fearr, eolas ar chóras an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine,
- Sárscileanna taighde agus anailíseacha agus sár-mhionchruinneas,
- Scileanna láidre teicneolaíochta faisnéise agus taithí chruthaithe ar leas a bhaint as raon leathan d'fhoinse ábhartha faisnéise, d'uirlisí taighde dlí ar líne agus de bhunachair sonraí dlí ar líne,
- An cumas chun taighde/faisnéis/anailís a scríobh agus a chur i láthair ar bhealach achomair inrochtana agus i mBéarla soiléir;
- An cumas chun ionracas agus breithiúnas gairmiúil a chleachtadh agus obair ar ardchaighdeán a sholáthar i dtimpeallacht oibre a ghluaiseann go tapa,
- An cumas chun cúraimí a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta, agus chun faireachán a dhéanamh orthu, ar bhealach córasach eagraithe ar mhaithe le hobair a sholáthar laistigh de spriocdhátaí dochta,
- Díograis, ardspreagadh agus cumas chun obair go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann, agus
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide.

Príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíocht éifeachtach mar Thaighdeoir Dlí

Tarraingítear aird na n-iarthóirí ar na príomhinniúlachtaí a bhaineann leis an bpost seo:

- Acmhainn Ceannaireachta
- Anailís agus Cinnteoireacht
- Soláthar Torthaí
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt
- Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

Tá tuairisc ar na príomhinniúlachtaí sin leagtha amach ag deireadh an leabhráin seo.

Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas agus srianta áirithe ar incháilitheacht

Ceanglais Saoránachta

Ní mór d'iarthóirí Incháilithe:

- a) A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; **nó**
- b) A bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe; **nó**
- c) A bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir leis an tsaorghluaiseacht daoine; **nó**
- d) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus ar céile nó leanbh é nó í le saoránach de chuid LEE, de chuid na Ríochta Aontaithe nó de chuid na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; **nó**
- e) A bheith ina nduine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta dó nó di faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó ina mball teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó

- f) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus ar tuismitheoir é nó í le leanbh cleithiúnach ar saoránach agus cónaitheach é nó í de chuid ballstát de LEE, de chuid na Ríochta Aontaithe nó de chuid na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí ceann ar bith de na critéir shaoránachta thuas a chomhlíonadh faoi dháta aon tairisceana poist.

Sláinte agus Carachtar

Ní mór d'iarrthóirí dea-shláinte a bheith acu, cumas agus inniúlacht a bheith acu chun an obair a shanntar dóibh a dhéanamh, agus dea-charachtar a bheith acu freisin. Is féidir go gceanglófar orthu sin atá á mbreithniú le haghaidh poist dearbhú sláinte agus carachtair agus foirm ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú. Iarrfar teistiméireachtaí. Is féidir go mbeidh imréiteach speisialta slándála ag teastáil do phoist áirithe freisin. I gcás go dtiocfaidh coinbhleachtaí féideartha leasa chun cinn, is féidir nach mbreithneofar iarrthóirí le haghaidh poist áirithe.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Conas iarratas a dhéanamh

Is féidir an fhoirm iarratais a rochtain ar líne ag www.lawreform.ie.

Ba cheart iarratais a chur isteach trí ríomhphost chuig recruitment@lawreform.ie tráth nach déanaí ná 12 meán lae **an 2 Deireadh Fómhair 2023. Ní ghlacfar le hiarratais a bheidh faighte tar éis an dáta agus ama deiridh.** Más rud é nach bhfaighidh tú admháil á rá go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 huaire an chloig tar éis iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le:

Tacaíocht Dlí agus Chorparáideach

Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Teileafón: 01 637 7600

Ríomhphost: LCS@lawreform.ie

Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais, lena n-áirítear an comhaontú macántachta, a chomhlánú. Ní bhreithneofar d'iarratas má tá sé neamhiomlán. Más gá leanúint ar aghaidh ar bhileog ar leith, leag an fhaisnéis amach ar an mbealach céanna atá sí leagtha amach san fhoirm iarratais.

Tá sé le do leas féin a chinntiú gur ceart atá an fhaisnéis a thugann tú sna codanna uile.

Is ar gach iarratasóir atá an dualgas a chinntiú go bhfaighidh siad na teachtaireachtaí uile ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí. Ní ghlacann an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí le haon fhreagracht as teachtaireachtaí nach bhfuil faighte ná léite ag iarratasóir.

Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí i gcás go nglaofar chun agallaimh iad agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála atá sonraithe ar an bhfoirm iarratais ceart. Is dóigh go seolfar agallaimh do na poist seo lár Mhí Dheireadh Fómhair 2023.

Modhanna Roghnúcháin

[Incháilitheacht a Chinneadh](#)

Seiceálfar iarratais chun a chinneadh cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na ceanglais incháilitheachta atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí.

Gearrliostú

Glaofar líon cuí iarrthóirí chun agallaimh, agus aird á tabhairt ar mhéid riachtanach an phainéil i gcomhthéacs an lín post a mheastar a bheidh le líonadh thar thréimhse an phainéil. Déanfar Bord Gearrliostúcháin nó Boird Ghearrliostúcháin, a chuireadh comhaltaí ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí agus comhalta seachtrach, a cheapadh chun na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh a ghearrliostú.

Agus cinneadh á dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart iarrthóirí a ghearrliostú, déanfaidh an Bord Gearrliostúcháin nó na Boird Ghearrliostúcháin measúnú ar fhoirm iarratais na n-iarrthóirí agus déanfaidh sé nó siad an t-ábhar sin a mheas in aghaidh na gceanglas don ról, mar atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise, agus sainaitheoidh sé nó siad na hiarrthóirí a léirigh ar an mbealach is fearr go gcomhlíonann siad na ceanglais don ról.

Chun go ngearrliostófar é/í, beifear ag súil leis go mbeidh dea-fhianaise ann chun a léiriú cén dóigh a gcomhlíonann an t-iarrthóir na ceanglais bhunriachtanacha agus inmhianaithe atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise seo.

Cur i láthair

Más rud é go ngearrliostófar le haghaidh agallaimh iad, is féidir go n-iarrfar ar iarrthóirí cur i láthair gearr a thabhairt ag an agallamh ar thopaic ainmnithe dlí, bunaithe ar shleamhnáin PowerPoint a chuirfear isteach roimh ré.

Samhlaítear go gcuirfear agallaimh ar siúl le linn na seachtaine dar tús an 16 Deireadh Fómhair 2023

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, caithfear le hiarratais i modh rúin dhaingin.

Imréiteach Slándála

Is féidir go n-iarrfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i gcás daoine aonair atá á mbreithniú lena gceapadh. Ceanglófar ar an iarratasóir foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Cuirfear an fhoirm ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann inar chónaigh an t-iarratasóir roimhe seo. Chomh maith leis, féadfar fiosrúcháin a dhéanamh leis an bhfórsa póilíneachta in aon tír inar chónaigh an t-iarratasóir roimhe seo. Mura n-éiríonn leis an iarratasóir ina leith sin, scriosfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí an fhaisnéis lena mbaineann. Má tharlaíonn sé ina dhiaidh sin go bhfuil an t-iarratasóir á b(h)reithniú lena c(h)eadadh chuig post eile, ceanglófar air/uirthe an fhaisnéis sin a sholáthar an athuair.

Painéal

Bunófar painéal ónar féidir go líonfar folúntais amach anseo ar chonradh téarma shocraithe do na poist mar Thaighdeoir Dlí a thiocfaidh chun cinn laistigh de thréimhse 18 mí ón bpainéal a bhunú.

Dá mba mhaith leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi na folúntais sin, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag www.lawreform.ie nó déan teagmháil leis an Aonad Acmhainní Daonna ar 01 637 7609.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra dar dáta an 28 Meitheamh 2012. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíochta a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

An Scéim Dreasa Luathscoir (SDLS):

Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasa Luathscoir (SDLS), mar a leagtar amach í i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, nach bhfuil daoine a scoir incháilithe faoin Scéim sin le haghaidh cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní ceadmhach, mar sin, do dhaoine a scoir faoin scéim sin cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010):

Tugadh isteach Scéim Luathscoir Shaorálaigh Spriocdhírith (LSS) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (SIS) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid scéim LSS é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go formhór as airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoi SIS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana é an toirmeasc. Níl daoine a bhain leas as scéim LSS incháilithe le páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as scéim SIS agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)

Tugadh Scéim Iomarcaíochta Saorálaí d'Údaráis Áitiúla isteach le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sonracha de chuid na Scéime Luathscoir Shaorálaigh nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [de réir an tsainmhíntithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011, agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an ndáta imeachta faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás fostaíochta ar bhonn conradh le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

Dearbhú:

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir Seirbhíse Poiblí. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochair phinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid i leith seirbhís in aon fhostaíochta Seirbhíse Poiblí.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Ginearálta

Tá an ceapachán chuig post trí bliana sa Státseirbhís agus tá sé faoi réir Achtanna Rialuithe na Stát-Seirbhíse, 1956 go dtí 2005, an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Achta eile atá i bhfeidhm idir an dá linn sa Státseirbhís.

Pá

Is é seo a leanas an scála tuarastail don phost (tá na rátaí in éifeacht ón 1 Márta 2023 i leith):

Scála Tuarastail Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin (RPP) Innealtóir Ghrád 3 ón 1 Márta 2023,

€35,336 €37,808 €38,470

Tá feidhm ag an ráta pá RPP i gcás go gceanglaítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (dá ngairtear ranníocaíocht príomhscéime ar shlí eile) a íoc de réir rialacha a p(h)ríomhscéime aoisliúntais/a scéime pearsanta aoisliúntais. Tá sé sin difriúil le ranníocaíocht i ndáil le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí agus tá sé difriúil freisin leis na Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais.

Beidh feidhm ag ráta difriúil i gcás nach gceanglaítear ar an gceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Nóta Tábhachtach

Is ag bun an scála a thosófar agus ní bheidh an ráta luach saothair faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais. Féadfar go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm i gcás gur seirbhíseach poiblí san am i láthair atá sa cheapaí. Féadfar breisíochtaí a íoc faoi réir feidhmíocht shásúil de réir Beartas reatha Rialtais.

Déanfar íocaíocht gach mí i riaráiste trí Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i gcuntas bainc a roghnaíonn tú. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go bhfuil uimhir chuntais bainc agus cód sórtála bainc tugtha ar an gceapadh, agus déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Comhaontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó speansas de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas agus Speansas a rinneadh le Bail Foirne/Iar-Bhail Foirne/Pinsinéirí.

Tionacht agus Promhadh

Gheobhaidh an ceapaí conradh sealadach téarma shocraithe a mhairfidh tréimhse trí bliana ó dháta an cheapacháin.

Beidh feidhm ag an gconradh promhaidh go ceann tréimhse 12 mhí ó dháta an cheapacháin. D'ainneoin na míre seo agus na míre díreach thíos, ní hionann é sin agus a rá nach bhfadófaí leis an gconradh promhaidh in imthosca cuí.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithnithe ag do mhaoirseoir(i) chun a chinneadh –

- I. An raibh d'fheidhmíocht sásúil,
- II. An raibh tú sásúil ó thaobh iompair ghinearálta de, agus
- III. An bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe ag féachaint do shaoire bhreiteachta.

Féadfaidh ceachtar taobh an ceapachán a fhoirceannadh tráth ar bith de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005. I gcás mí-iompar tromchúiseach, féadfar an fhostaíocht a fhoirceannadh tráth ar bith gan aon fhógra agus gan aon phionós.

Is ceapachán sealadach é an ceapachán, agus ní ghabhann leis aon teidlíocht chun stádas buan a fháil (trí chomórtas teoranta nó ar shlí eile).

Ceanncheathrú

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag obair in oifigí an Choimisiúin, atá lonnaithe faoi láthair i dTeach Styne, Sráid Haiste, Baile Átha Cliath 2.

Nuair a bhíonn an t-iarrthóir rathúil ar dhualgas agus as láthair ón mbaile agus ó oifigí an Choimisiúin dá bharr, íocfar speansais chúil taistil agus chothaithe leis/léi, faoi réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse.

Tabhair faoi Deara

Mar Fhostóir Roghnaithe, tá i bhfeidhm ag an gCoimisiún beartais le haghaidh obair sholúbtha agus obair a thacaíonn le teaghlaigh, lena n-áirítear roinnt deiseanna le haghaidh cianoibre, a oibrítear ar bhonn cumaisc. Cé go bhféadfaidh iarrthóirí rathúla deiseanna oibre solúbtha a iarraidh, tabhair faoi deara go mbeidh sé de rogha an bhainisteora iarrataí a cheadú agus go gcinnefar na hiarrataí ar aon dul le riachtanais na heagraíochta agus de réir cáis.

Scor/Aoisliúntas

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim sa Státseirbhís a thairiscint don iarrthóir rathúil an tráth a thairgfear ceapachán. Go ginearálta, is bunaithe ar bhallaíocht sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") a thairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh. Tá mionsonraí iomlána faoin Scéim ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie.

I gcás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí nach mbaineann leis an Scéim Aonair) sna 26 seachtaine sular ceapadh é/í nó go bhfuil sé/sí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá, is féidir go mbeidh téarmaí difriúla i bhfeidhm. Déanfar teidlíocht pinsin na gceapaithe sin amach maidir lena stair fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is mar seo a leanas atá na príomhfhórlacha atá i bhfeidhm maidir le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ar a dtagann an pinsean chun bheith iníoctha agus an aois incháilitheachta le haghaidh an Phinsin Stáit, arb í 66 bliana d'aois í faoi láthair.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill sa scéim dul ar scor ar 70 bliain d'aois a shlánú.
- Baintear úsáid as meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraítear suim phinsin agus cnapshuim gach bliain agus uasráitítear iad gach bliain faoi threoir an phraghasinnéacs tomhaltóirí).
- Tá baint leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí ag méaduithe pinsin iarscoir.

Laghdú Pinsin

Más rud é go raibh an ceapaí fostaithe cheana féin sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfaigheann sé/sí pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí, nó más rud é go bhfuil pinsean Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí á íoc le linn a (h)athfhostaíochta, **beidh** an pinsean sin **faoi réir laghdú** de réir alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi Deara: Nuair a dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, tá tú ag admháil go**

dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdúcháin, nuair is ábhartha. Níl sé beartaithe go dtacóidh an Roinn/Oifig is fostóir le hiarratas ar tharscaoileadh laghdúcháin i dtaca le ceapacháin chun an phoist seo.

Mar sin féin, más rud é go raibh an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir shaorálaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS), Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte maidir le LSS/SIS nó Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a bhfágann cean ar bith díobh nach bhfuil duine incháilithe le haghaidh an chomórtais), scoirfidh teideal chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Is féidir, áfach, go ndéanfar socruithe speisialta chun seirbhís roimhe sin de chuid an cheapaí a ríomh chun críocha aon aoisliúntais a mbeidh an ceapaí i dteideal é a fháil sa todhchaí.

Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí: An Roinn Oideachais agus Scileanna – Ciorclán 102/2007

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Tá sé mar choinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, más rud é go nglacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim sin agus go bhfostaítear é/í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, a scoirfear láithreach de pinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Tosófar arís ar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhir an duine mar mhúinteoir (i.e., ní chuirfear san áireamh na blianta breise a tugadh roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

Scor de dheasca Easláinte

Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, maidir le haon daoine a chuaigh ar scor roimhe sin ar fhorais easláinte faoi théarmaí aon scéime aoisliúntais, a éilítear orthu a dhearbhu don eagraíocht atá ag riar an chomórtais earcaíochta, ag an gcéim iarratais tosaigh, cé acu atá nó nach bhfuil siad ag fáil pinsean den sórt sin.

Éileofar ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomh-Dhochtúra Oifigiúil chun go measúnófar a gcumas chun seirbhís thráthrialta éifeachtach a sholáthar, agus an riocht a cháiligh iad le haghaidh scor de dheasca easláinte á chur san áireamh.

Ceapachán tar éis scor den Státseirbhís de dheasca easláinte

Má éiríonn leis ina (h)iarratas tríd an gcomórtas, ba cheart don iarratasóir a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

1. Más rud é go meastar é/í a bheith oiriúnach do sheirbhís rialta éifeachtach a sholáthar agus go sanntar é/í do phost, scoirfear dá p(h)insean státseirbhíse de dheasca easláinte a íoc.
2. Má theipeann ar an iarratasóir an promhadh a chur i gcrích ina dhiaidh sin nó má chinneann sé/sí éirí as a p(h)ost sannta, ní fhéadfar é/í a fhilleadh ar stádas scoir ón státseirbhís de dheasca easláinte ná an pinsean státseirbhíse de dheasca easláinte a bhí ann roimh an iarratas a athbhunú, agus ní bheidh sé/sí ina theidil sin ach oiread.
3. Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar a c(h)eapadh má bhí sos is mó ná 26 seachtaine i seirbhís phoiblí inphinsin/státseirbhís inphinsin aige/aici.

Ceapachán tar éis scor den tSeirbhís Phoiblí de dheasca easláinte

1. I gcás go ndeachaigh duine ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, is féidir go mbeidh a p(h)insean de dheasca easláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithniú de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca easláinte faoin scéim sin.

2. Má éiríonn le hiarratasóir, éileofar air/uirthi a dhearbhu ar a c(h)eadadh cé acu atá nó nach bhfuil sé/sí ag fáil pinsean seirbhíse poiblí (bíodh pinsean de dheasca easláinte nó pinsean eile ann) agus is féidir go mbeidh a p(h)insean seirbhíse poiblí faoi réir laghdú.
3. Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar a c(h)eadadh má bhí sos is mó ná 26 seachtaine i seirbhís phoiblí inphinsin/státseirbhís inphinsin aige/aici.

Tabhair faoi deara gur ar fáil [tríd an nasc seo](#) nó ar í a iarraidh ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bheidh faisnéis níos mine maidir leis na himpleachtaí pinsin dóibh sin atá ag fáil pinsean státseirbhíse nó seirbhíse poiblí de dheasca easláinte.

Fabhrú Pinsin

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i gcás go raibh duine ina b(h)all de níos mó ná scéim pinsean seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (i.e., scéim nach í an Scéim Aonair í) de réir Acht 2012. Foráiltear don teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin aige sin ar cheapaí ar bith a bhfuil cearta pinsin gnóthaithe aige/aici i bpost sa tseirbhís phoiblí roimhe seo.

Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair faoi deara:** Tá asbhaintí Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais de bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (an phríomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a éilítear faoi rialacha do scéime pinsean.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, féach an suíomh Gréasáin seo a leanas – www.singlepensionscheme.gov.ie.

Uaireanta freastail

Seasfar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair agus 15 nóiméad mar uaireanta freastail comhlána sa tseachtain nó 35 huair an chloig mar uaireanta freastail glana sa tseachtain.

Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham, de réir mar a fhéadfaidh a bheith réasúnach agus riachtanach le haghaidh chomhlíonadh ceart a c(h)uid dualgas faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997. Cumhdaítear leis an ráta luach saothair is iníoctha aon dlíteanas i leith freastail breise a eascróidh ó am go chéile.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, maidir leis an bhfostaíocht seo, de réir mar is cuí.

Saoire Bhreiteachta

Íocfar pá le linn neamhláithreachta bhreiteachta chuí-dheimhnithe, de réir fhorálacha Scéim Saoire Breiteachta na Seirbhíse Poiblí, 2018.

Beidh ar na ceapaithe sainordú a shíniú lena dtabharfar údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaí a íoc go díreach leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí. Beidh íocaíocht le linn na breiteachta faoi réir na héilimh riachtanacha a bheith á ndéanamh ag an gceapaí le haghaidh sochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí go díreach laistigh den teorainn riachtanach ama.

Saoire Bhliantúil

25 lá oibre sa bhliain a bheidh sa liúntas saoire bliantúla. Agus é faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú, tá an liúntas sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ar áireamh ann.

Rúndacht, Caidreamh faoi Rún agus Caighdeáin Iompraíochta Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas

I rith théarma an chonartha promhaidh, beidh oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an t-oifigeach nach nochtfaidh sé/sí aon fhaisnéis rúnda do thríú páirtithe neamhúdairithe le linn na tréimhse fostaíochta ná ina diaidh.

Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse

Beidh an ceapachán faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

Gníomhaíocht Pholaitiúil

Beidh an ceapachán faoi réir na rialacha lena rialaítear státseirbhísigh agus polaitíocht.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Tá feidhm ag forálacha na nAchtanna sin, de réir mar is cuí, maidir leis an bpost seo.

Cód Pearsanra

Tá na ciorcláin uile ar fáil ar an suíomh Gréasáin www.circulars.gov.ie

FÓGRA TÁBHACHTACH

Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.

Ceartha Iarrthóirí

Treoirínte maidir le déileáil le hachomhairc/iarrataí ar athbhreithniú.

Breithneoidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí iarrataí ar athbhreithniú de réir fhorálacha na gcód cleachtais arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus a dtagraítear dóibh sa bhileog mhínithe i dtosach an leabhráin seo. Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar shuíomh Gréasáin [an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí](http://www.cpsa.ie) (www.cpsa.ie).

I gcás go mbeidh iarrthóir míshásta le gníomh nó cinneadh a rinneadh i dtaca lena (h)iarratas, féadfaidh sé/sí athbhreithniú a iarraidh faoi Chuid 7 den chód cleachtais lena rialaítear an próiseas earcaíochta, ar athbhreithniú é a mbeidh duine sa chomhlacht is earcaitheoir (athbhreithnitheoir tosaigh) ina bhun. I gcás go mbeidh iarrthóir míshásta fós tar éis an athbhreithnithe tosaigh sin,

féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfaidh “eadránaí cinntí” scrúdú ar sheoladh an athbhreithnithe tosaigh.

Mar mhalairt ar a bhfuil thuas, is féidir le hiarrthóir féachaint leis an ábhar a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil mar atá leagtha amach thíos. I gcás go mbeidh iarrthóir míshásta fós tar éis aon phlé den sórt sin, is féidir leis/léi athbhreithniú foirmiúil a iarraidh.

Próiseas neamhfhoirmiúil

- Féadfaidh an t-iarrthóir leas a bhaint as an athbhreithniú foirmiúil laistigh de chúig lá oibre ón tráth a fhaightear fógra faoin gcinneadh tosaigh agus ba cheart an t-athbhreithniú a thionól de ghnáth idir an t-iarrthóir agus an duine a chuir an cinneadh in iúl (nó an duine iomchuí).
- I gcás go mbainfidh an cinneadh atá á chur in iúl le céim eatramhach de phróiseas roghnúcháin, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil laistigh de dhá lá oibre ón tráth a fhaightear an cinneadh.
- I gcás go mbeidh iarrthóir míshásta fós tar éis aon phlé neamhfhoirmiúil den sórt sin, féadfaidh sé/sí dul i mbun na nósanna imeachta foirmiúla atá leagtha amach thíos.
- Más mian leis an iarrthóir go ndéileálfar leis an ábhar ar mhodh athbhreithniú foirmiúil, ní mór dó/di é sin a iarraidh laistigh de dhá lá oibre ón tráth a fhaightear an fógra faoi thoradh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil.

Próiseas Foirmiúil: Athbhreithniú inmheánach

- Ní mór don iarrthóir a (h)ábhair mhíshástachta i ndáil leis an bpróiseas a chur in iúl i scríbhinn don Cheann Riaracháin, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, agus na gnéithe sin den ghníomh nó den chinneadh i ndáil lena (h)iarrthóireacht ar mian leis/léi iad a chur faoi athbhreithniú á leagan amach aige/aici.
- Ní mór iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de dheich lá oibre ón tráth a fhaightear an fógra faoin gcinneadh tosaigh. I gcás go mbainfidh an cinneadh le céim eatramhach de phróiseas roghnúcháin, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú a fháil laistigh de cheithre lá oibre.
- Ní cheadófar na teorainneacha ama sin a fhadú ach amháin in imthosca den chineál is eisceachtúla agus is faoi rogha aonair an Choimisinéara Lánaimseartha nó aon Oifigigh Ainmnithe eile laistigh den Choimisiún a bheidh sé fadú a cheadú.
- De ghnáth, ní mór an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 20 lá oibre ón tráth a fhaightear an gearán nó an iarraidh ar athbhreithniú. Gheobhaidh an t-iarrthóir toradh an athbhreithnithe ar mhodh tuarascáil i scríbhinn.
- Más rud é go bhfuil iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe tosaigh, féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfaidh eadránaí cinntí athbhreithniú ar sheoladh an athbhreithnithe tosaigh.

Athbhreithniú ag an eadránaí cinntí

Is é Uachtarán an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, nó an Coimisinéir Páirtaimseartha is sinsearaí, a cheapann an t-eadránaí cinntí. Ní bheidh aon bhaint ag an eadránaí cinntí leis an bpróiseas roghnúcháin agus déanfaidh sé/sí breith a thabhairt faoi iarrataí ar athbhreithniú i gcásanna ina bhfuil iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe tosaigh. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an eadránaí cinntí i ndáil le hábhair den sórt sin.

- Ní mór iarraidh a dhéantar chuig an eadránaí cinntí a fháil laistigh de sheacht lá oibre ón tráth a thugtar fógra faoi thoradh an athbhreithnithe tosaigh.
- Ní mór toradh an imscrúdaithe a chur in iúl don iarrthóir i bhfoirm tuarascála i scríbhinn laistigh de 10 lá oibre.

I gcás go mbeidh iarrthóir den tuairim gur sáraíodh an Cód Cleachtais ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i ngné den phróiseas, féadfaidh sé/sí a éileamh go n-imscrúdófaí é faoi **Chuid 8** den chód cleachtais (cpsa@cpsa.ie)

Próiseas neamhfhoirmiúil

- Molann an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí go mbainfeadh an t-iarrthóir leas as an bpróiseas neamhfhoirmiúil chun féachaint leis an ábhar a réiteach leis an gcomhlacht is earcaitheoir. Más rud é go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós, féadfaidh sé/sí dul i muinín an phróisis fhoirmiúil laistigh de dhá lá oibre ó fhógra faoin bpróiseas foirmiúil a fháil.

Próiseas foirmiúil

- Má tá athbhreithniú foirmiúil á iarraidh agat, ní mór duit scríobh chuig an gCoimisinéir Lánaímseartha nó chuig Oifigeach Ainmnithe eile laistigh den Choimisiún, agus mionsonraí á dtabhairt agat faoin sárú ar an gcód cleachtais agus aon doiciméid ábhartha a d'fhéadfadh tacú leis an líomhain á gcur faoi iamh agat.
- De ghnáth, ní mór an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 20 lá oibre ón tráth a fhaightear an gearán nó an iarraidh ar athbhreithniú. I gcás nach dtiocfar ar chinneadh laistigh den tréimhse sin, déanfaidh an t-athbhreithnitheoir an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas faoi stádas an athbhreithnithe.
- Más rud é go bhfuil iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe sin, féadfaidh sé/sí athbhreithniú breise a iarraidh tríd an ábhar a tharchur chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i riocht achomharc i gcoinne athbhreithniú an tsealbhóra ceadúnais. Ní mór dó/di scríobh chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí laistigh de dheich lá oibre ón toradh ar athbhreithniú an tsealbhóra ceadúnais a fháil.

Oibleagáidí iarrthóirí

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofaí iad dá dtabharfadh siad faoi chanbhasáil agus nach mbeadh siad curtha san áireamh sa phróiseas dá bharr.

Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama;
- aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú; nó
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas. Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú, is féidir go mbeidh sé/sí ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás go raibh nó go bhfuil duine a ciontaíodh i gcion ina (h)iarrthóir ag próiseas earcaíochta, ansin:

- i gcás nár ceapadh é/í chuig post, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- i gcás gur ceapadh é/í tar éis an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar

Glacfar leis go bhfuil a (h)iarrthóireacht tarraingthe siar ag iarrthóir nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar aon tástáil eile de réir mar a éileoidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí nó nach

soláthraíonn, má iarrtar a leithéid air/uirthi, cibé fianaise a éilíonn an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena (h)iarrthóireacht.

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí

Tá sé mar aidhm againn scothsheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Más rud é go bhfuil tú míshásta le gné ar bith den tseirbhís a fhaigheann tú uainn ar cibé cúis, mholfaimis duit aird an aonaid nó an bhaill foirne lena mbaineann a tharraingt ar an méid sin. Is rud tábhachtach é sin mar go gcinntíonn sé go bhfuilimid eolach ar an bhfadhb agus go bhfuilimid in ann na bearta cuí a dhéanamh lena réiteach.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018

Nuair a fhaightear an fhoirm iarratais uait, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm agus cuirtear cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú isteach sa taifead sin. Úsáidtear an taifead pearsanta sin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil agus chuige sin amháin. Tá faisnéis atá á coinneáil ar ríomhaire faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018. Faoi na hAchtanna sin, tá tú i dteideal teacht tráth ar bith ar chóip den fhaisnéis atá á coinneáil fút ar ríomhaire. Gearrann an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí táille €6.35 as gach iarraidh. Ba cheart duit seic nó ordú poist a chur faoi iamh agus d'iarraidh a sheoladh chuig:

Ceann Riaracháin,
Coimisiún um Athchóiriú an Dlí,
Teach Styne,
Sráid Haiste,
Baile Átha Cliath 2.

Déantar míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann go sonrach le haon duine aonair, a bhaint as taifid ríomhaire chun críocha ginearálta staidrimh.

Tabhair faoi deara: Is mar eolas amháin atá an doiciméad seo, agus níl sé beartaithe a bheith ina léiriú dlíthiúil ar aon doiciméid, treoirínte nó reachtaíocht eile.

Aguisín 1

Príomhinniúlachtaí do Thaighdeoirí Dlí sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí

Effective Performance Indicators

Leadership Potential	Is flexible and willing to adapt, positively contributing to the implementation of change
	Contributes to the development of policies in own area and the broader Department/ Organisation
	Seeks to understand the implications of taking a particular position on issues and how interdependencies need to be addressed in a logical and consistent way
	Maximises the contribution of the team, encouraging ownership, providing support and working effectively with others
	Formulates a perspective on issues considered important and actively contributes across a range of settings
Analysis & Decision Making	Is skilled policy analysis and development, challenging the established wisdom and adopting an open-minded approach
	Quickly gets up to speed in a complex situation, rapidly absorbing all relevant information/data (written and oral)
	Uses numerical data skillfully to understand and evaluate business issues
	Identifies key themes and patterns in and across different sources of information, drawing sound and balanced conclusions
	Sees the logical implications of taking a particular position on an issue
	Is resourceful and creative, generating original approaches when solving problems and making decisions
Delivery of Results	Assumes personal responsibility for and delivers on agreed objectives/ goals
	Manages and progresses multiple projects and work activities successfully
	Accurately estimates time parameters for projects and manages own time efficiently, anticipating obstacles and making contingencies for overcoming these
	Maintains a strong focus on meeting the needs of customers at all times
	Ensures all outputs are delivered to a high standard and in an efficient manner
	Use resources effectively, at all times challenging processes to improve efficiencies
Interpersonal & Communication Skills	Communicates in a fluent, logical, clear and convincing manner verbally and in writing
	Is able to listen effectively and develop a two-way dialogue quickly
	Maintains a strong focus on meeting the needs of internal and external customers
	Effectively influences others to take action
	Works to establish mutual understanding to allow for collaborative working
Works effectively	
Specialist Knowledge, Expertise and Self Development	Clearly understands the role, objectives and targets and how they fit into the work of the unit and Department/ Organisation.
	Develops the expertise necessary to carry out the role to a high standard and shares this with others
	Is proactive in keeping up to date on issues and key developments that may impact on own area, the Department and/ or wider public service
	Consistently reviews own performance and sets self challenging goals and targets
Has significant expertise in his/her field that is recognised and utilised by colleagues	
Drive & Commitment to Public Service Values	Consistently strives to perform at a high level
	Maintains consistent effort under pressure and is resilient to criticism or setbacks at work
	Demonstrates high levels of initiative, taking ownership for projects and demonstrating self sufficiency
	Is personally trustworthy and can be relied upon
	Places the citizen at the heart of all process and systems
	Upholds the highest standards of honesty, ethics and integrity